Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2020
(OR. en)

8658/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0075(COD)**

CODEC 471
AGRI 168
AGRILEG 63
AGRISTR 38
PE 26

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoi CEFT mar fhreagairt ar ráig COVID-19<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(an Bhruiséil, 17 go 19 Meitheamh 2020) |

## I. RÉAMHRÁ

Bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Tar éis don seisiún iomlánach formheas a dhéanamh ar iarraidh sin an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, déanamh de réir Riail 163 (an nós imeachta práinneach) an 17 Meitheamh 2020, thíolaic an rapóirtéir, Norbert LINS (EPP, DE) leasú comhréitigh (leasú uimhir 1) ar an togra le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin.

## II. VÓTÁIL

Ghlac an seisiún iomlánach leasú 1 ar an togra le haghaidh Rialacháin ag an vóta a caitheadh an 19 Meitheamh 2020, agus ghlac sé ansin an togra agus an leasú sin air sa vótáil chríochnaitheach aige.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[1].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas chun an chéad léamh a thabhairt chun críche don dá Institiúid.

D'fhéadfaí an gníomh reachtach a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

---

[1] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

# Tacaíocht eisceachtúil shealadach faoi CEFT mar fhreagairt ar ráig COVID-19 (leasú ar Rialachán (AE) Uimh 1305/2013) ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Meitheamh 2020 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoi CEFT mar fhreagairt ar ráig COVID-19 (COM(2020)0186 – C9-0128/2020 – 2020/0075(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0186),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagail 42 agus 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0128/2020),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 4 Meitheamh 2020 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[2] Tuairim an 11 Meitheamh 2020.

**P9_TC1-COD(2020)0075**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 19 Meitheamh 2020 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2020/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a mhéid a bhaineann le beart sonrach chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) mar fhreagairt ar ráig COVID-19**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 42 agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[4],

---

[3] Tuairim an 11 Meitheamh 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[4] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Meitheamh 2020.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá feirmeoirí agus gnólachtaí tuaithe buailte go trom le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Na mórshrianta maidir le gluaiseacht a cuireadh i bhfeidhm sna Ballstáit, chomh maith le siopaí, margaí faoin aer, bialanna agus gnólachtaí fáilteachais eile a bheith á ndúnadh ar bhonn riachtanach, chruthaigh siad mícshocracht eacnamaíoch san earnáil talmhaíochta agus sna pobail tuaithe agus d'eascair fadhbanna leachtacha agus sreafa airgid d'fheirmeoirí agus do ghnólachtaí beaga a dhéanann próiseáil, margaíocht nó forbairt ar tháirgí talmhaíochta astu. Mar gheall air sin cruthaíodh staid eisceachtúil nach mór aghaidh a thabhairt uirthi.

(2) Chun freagairt a thabhairt ar thionchar na géarchéime ag eascairt as ráig COVID-19 ("an ghéarchéim"), ba cheart go nglacfaí beart nua eisceachtúil sealadach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna leachtacha a chuireann leanúnachas ghníomhaíochtaí feirmeoireachta agus ghnólachtaí beaga i mbaol, gnólachtaí a dhéanann próiseáil, margaíocht nó forbairt ar tháirgí talmhaíochta.

(3) ***Ba cheart go gcuirfeadh an beart sin ar chumas na mBallstát na cistí atá ar fáil a úsáid faoina gcláir forbartha tuaithe atá ann cheana d'fhonn tacú le feirmeoirí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a dtéann an ghéarchéim go mór i bhfeidhm orthu.*** An tacaíocht, a bhfuil sé d'aidhm aici iomaíochas ghnólachtaí talmhaíochta agus inmharthanacht feirmeacha a chosaint, d'fhonn na hacmhainní atá ar fáil a dhíriú ar na tairbhithe is mó atá ag fulaingt de bharr na géarchéime, ba cheart iad a dheonú ar bhonn critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha. I gcás na bhfeirmeoirí, ar na critéir a d'fhéadfaí a chur san áireamh, tá earnálacha táirgthe, cineálacha feirmeoireachta, struchtúir feirme, cineálacha margaíochta a dhéantar ar tháirgí feirmeoireachta agus líon na n-oibrithe séasúracha a fhostaítear; i gcás FBManna, féadfar a áireamh sna critéir sin cineálacha earnálacha, cineálacha gníomhaíochta, cineálacha réigiún, agus srianta sonracha eile.

(4) De dheasca na práinne agus toisc go bhfuil gné eisceachtúil ag an mbeart sin, ba cheart íocaíocht aonuaire agus teorainn ama le haghaidh chur i bhfeidhm an bhirt a shocrú, agus ní mór an prionsabal lena bhfuil íocaíochtaí ón gCoimisiún le déanamh i gcomhréir le leithreasuithe buiséadacha agus faoi réir chistithe atá ar fáil a choinneáil i gcuimhne.

(5) Chun tacaíocht níos airde a thabhairt do na feirmeoirí agus do na FBManna is mó atá buailte, is iomchuí a cheadú do Bhallstáit coigeartú a dhéanamh ar leibhéal na gcnapshuimeanna le haghaidh catagóirí áirithe de thairbhithe incháilithe, bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha.

(6) Chun a áirithiú go ndéanfar an beart nua a mhaoiniú go leordhóthanach gan cuspóirí eile na gclár forbartha tuaithe a chur i mbaol, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ba cheart uaschion a shocrú do ranníocaíocht an Aontais leis an mbeart sin.

(7) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon freagairt do thionchar na géarchéime trí bheart sonrach a thabhairt isteach chun tacaíocht shealadach eisceachtúil a sholáthar faoi CETFT, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú

5 Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a leasú dá réir.

(9) I bhfianaise na práinne maidir le aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim , measadh gurbh iomchuí a fhoráil d'eisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(10) I bhfianaise na práinne atá leis an staid a bhaineann leis an ngéarchéim, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 mar a leanas:

(1) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 39b*

*Tacaíocht eisceachtúil shealadach d'fheirmeoirí agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) atá buailte go trom ag géarchéim COVID-19*

1. Leis an tacaíocht faoin mbeart sin, cuirfear cabhair éigeandála ar fáil d'fheirmeoirí agus do FBManna atá buailte go trom ag géarchéim COVID-19, dírithe ar leanúnachas i leith a gcuid gníomhaíochta gnó, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.
2. Deonófar tacaíocht d'fheirmeoirí agus do FBManna a dhéanann próiseáil, margaíocht nó forbairt ar tháirgí talmhaíochta arna gcumhdach le hIarscríbhinn I a ghabhann le CFAE nó cadás, seachas táirgí iascaigh. D'fhéadfadh sé gur táirge nach gcumhdaítear leis an Iarscríbhinn sin a bheadh in aschur an phróisis táirgeachta.

3. Déanfaidh na Ballstáit an tacaíocht a dhíriú ar na tairbhithe is mó atá buailte le géarchéim COVID-19, trí choinníollacha incháilitheachta agus, i gcás go measann an Ballstát lena mbaineann gurb iomchuí, critéir roghnúcháin a bheidh oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil.

4. Beidh an tacaíocht i bhfoirm íocaíochta cnapshuime a íocfar faoin 30 Meitheamh 2021, bunaithe ar iarratais ar thacaíocht arna gceadú ag an údarás inniúil faoin 31 Nollaig 2020. Déanfar an aisíocaíocht ina dhiaidh sin ón gCoimisiún i gcomhréir le leithreasuithe buiséid agus faoi réir an chistithe atá ar fáil. Féadfar leibhéal na híocaíochta a idirdhealú de réir catagóirí tairbhithe, i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha.

5. Ní rachaidh uasmhéid na tacaíochta thar [EUR 7 000] in aghaidh an fheirmeora agus EUR 50 000 in aghaidh an FBM.

6. Agus tacaíocht a dheonú faoin Airteagal seo, áireoidh na Ballstáit an tacaíocht a dheonaítear faoi ionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó ionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó faoi scéimeanna príobháideacha chun freagairt do thionchar ghéarchéim COVID-19.’;

(2) in Airteagal 49, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Áiritheoidh údarás an Bhallstáit atá freagrach as roghnú na n-oibríochtaí, cé is moite de na hoibríochtaí faoi phointe (b) d'Airteagal 18(1), faoi phointe (d) d'Airteagal 24(1) agus Airteagail 28 go 31, 33,34 agus 36 go 39b, go roghnófar oibríochtaí i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus de réir nós imeachta trédhearcach a mbeidh doiciméadú maith ann ina leith.’;

(3) in Airteagal 59, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘6a. Ní rachaidh tacaíocht CETFT arna soláthar faoiAirteagal 39b thar 2 % de ranníocaíocht iomlán CETFT leis an gclár forbartha tuaithe.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |